# Ionad Cultúrtha

## Séasúr an Fhómhair 2025

IMEACHTAÍ ÁITIÚILA | LOCAL EVENTS CENTER



Baile Mhúirne
Co. Chorcaí
P12X239

# Ceolaosaigh

Ionad Cultúrtha an Dochtúir Ó Loingsigh,
Baile Mhúirne,
Co. Chorcaí.
P12X239

026 45 733

eolas@ionadculturtha.ie

www.ionadculturtha.ie

10 noim ó Maighchromtha
*10 mins from Macroom*

20 noim ó Cill Áirne
*20 mins from Killarney*

Táimid fíor-bhródúil as an scéim seo ar leasa dhaoine os cionn 55 agus atá ag filleadh ar ais ar an gceol traidisiúnta athuair. Thosaigh sé mar scéim trialach ach leis an t-éileamh agus an t-áthas a chruthaigh sé do dhaoine atá i mbun ceoil a fhoghlaim agus a sheinnt i measc daoine eile, ní raibh aon amhras orainn ach go mbeadh orainn leanúint leis an scéim mar chuid lárnach de chlár ealaíonta an Ionad Cultúrtha. Tá a gcuid scileanna seinnte ceoil forbartha go mór ag ár gceoltóirí agus tá an-áthas orainn fáilte a chur an fómhar seo roimh 'Ensemble' ó Chill Mhantáin, atá ag tabhairt faoi scéim cosúil linn féin, agus atá chun bualadh lenár gceolaosaigh le haghaidh roinnt ceardlann agus ceolchoirm i dtreo deireadh an tséasúir. Is ábhar bróid dúinn é gur féidir linn ceangail cheoil a chruthú le grúpaí eile cosúil linn féin an t-am ar fad.

*We are very proud of this scheme which is for the benefit of people over 55 and who wish to return to playing music. We started it as a trial run and due to the demand and the happiness it created for people returning to music, we decided to continue with this wonderful scheme as an integral part of our artistic program. Our musicians have developed their playing skills and we are delighted this autumn to welcome an 'Ensemble' from Wicklow, who are also involved in a similar scheme, and who are going to join our gang for workshops and a concert towards the end of the season. We are really proud that we can create connections with other groups like ours through the joy of playing music.*



# Focal ón mBainisteoir

A chairde,

Fáilte is fiche romhaibh thar nais go dtí Ionad Cultúrtha an Dr. Ó Loingsigh. Tá séasúr lán de cheol, ceardlanna, taispeántais, ealaíontóirí cónaithe agus neart eile ag tarlú an fómhar seo. Mar is gnáth, bhíomar gnóthach i gcaitheamh an tsamhraidh ag cur cruth níos deise agus níos tarraingtí ar an bhfoirgneamh féin le deimhniú go mbeidh sibh ar bhur gcompord anseo linn. Is Ionad sinn a bhíonn i gcónaí ag freastal ar mhianta an phobail agus táimid fíor-bhuíoch as bhur dtacaíocht. Tá súil againn go mbeidh ár gcuid imeachtaí mar ábhar spreagtha daoibh agus go mbeidh siad ag cumasú bhur gcuid samhlaíochta. Bhí áthas orainn a bheith bainteach le Féile na Laoch mar fhéile áitiúil ag tús an tsamhraidh agus ag críochnú go luath san fhómhar, féile speisialta a fhanfaidh inár gcroithe go deo. Táim féin agus Eibhlín ar fáil am ar bith chun bhur dtuairimí a chloisint agus ar ndóigh chun fáilte chroíúil a sholáthar. Glaoigh isteach chugainn agus bain taitneamh as na taispeántais éagsúla a bheidh againn sna seachtainí agus sna míonna le teacht. Ná dearúd súil a choimeád ar na meáin shóisialta chun eolas a fháil faoi na coirmeacha ceoil agus na himeachtaí eile ar fad. Ar ndóigh, ní bheadh aon imeachtaí ar bun againn gan tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta, Bord Oideachais & Oiliúna Chorcaí, SECAD agus An Chomhairle Ealaíon, agus táimid go mór faoi chomaoin acu ar fad.

Ag súil go mór le bhur gcomhluadar don séasúr le teacht.

Liadh Ní Riada
Bainisteoir IC.

# Deis chónaitheachta

**Tá iarratais á lorg don Chlár Ceoltóirí Cónaithe de chuid Music Network agus an Ionad Cultúrtha -** deis forbartha suntasach go sonrach do cheoltóir gairmiúil le hUathachas a bhfuil taithí láidir aige/aici i gceol a chur i láthair.

Aithníonn an deis seo go mbíonn dúshláin roimh go leor ceoltóirí den chineál seo maidir le dul chun cinn gairme nach mbíonn ag ceoltóirí eile. Is é príomhchuspóir an chláir seo ná am agus spás a chur ar fáil do Cheoltóir Cónaithe chun a ngairm bheatha a fhorbairt. Táimid ag iarraidh spás a chruthú d'athrú sóisialta san earnáil cheoil i gcoitinne agus tá súil againn foghlaim ón gCeoltóir Cónaithe conas is féidir linn daoine le hUathachas a éascú agus a áireamh níos fearr inár gcláir féin agus san earnáil níos leithne.

Gheobhaidh an Ceoltóir Cónaithe sparánacht €8,000 agus beidh rochtain aige/aici ar spás faoi leith i rith mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2025 chun a gcleachtas cruthaitheach a fhorbairt agus saothar nua agus/nó comhoibrithe ealaíonta a chruthú. Beidh an ceoltóir ag plé leis an bpobal chomh maith, ag obair taobh le héascaitheoir le taithí chun clár gníomhaíochtaí ceoil cuimsitheach a chur ar fáil, agus a gcuid oibre a thaispeáint beo i gceolchoirm ag deireadh na tréimhse cónaitheachta i mí na Samhna.

Ceapadh Patrick Stefan, buaiteoir na bliana seo caite, mar Cheoltóir Cónaithe in Amharclann agus Ionad Ealaíon Naomh Eoin. Cuirfidh Patrick ceolchoirm speisialta i láthair ina mbeidh an chéad taibhiú domhanda de choimisiún nua Gaeilge san Ionad Cultúrtha chun Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta a cheiliúradh ar an 22ú Lúnasa.

Beidh sonraí iomlána na cónaitheachta, treoirlínte iarratais agus nasc chuig an bhfoirm ar líne ar fáil ón Déardaoin, 24ú Iúil ag **www.musicnetwork.ie** nó trí ríomhphost a sheoladh chuig **programmesadmin@musicnetwork.ie.** Glacfar le hiarratais ar chónaitheacht 2025 ó 9rn Déardaoin, 24ú Iúil go dtí 2in Dé Luain, 1ú Meán Fómhair. Is féidir iarratais a dhéanamh trí ríomhphost nó trí fhoirm iarratais ar líne.

# Residency opportunity

***Applications are invited for the Music Network and Ionad Cultúrtha Musician-in-Residence Programme –*** *a significant development opportunity specifically for a professional musician with Autism who has a strong track record in music performance.*

*This opportunity recognises that many such musicians face barriers toward career progression that others may not. The main purpose of the residency is to provide time and space for a Musician-in-Residence to develop their career intensively. We are seeking to make space for social change in the music sector in general and hope to learn from the Musician-in-Residence how we can better facilitate and include people with Autism in our own programmes and in the wider sector, both in performance and educational environments.*

*The Musician-in-Residence will receive a bursary of €8,000 and have access to a dedicated space during October and November 2025 to develop their creative practice and create new work and/or artistic collaborations. The musician will also engage with the community, working alongside an experienced facilitator to deliver a programme of inclusive music activities, and showcase their work live in concert at the end of the residency in November.*

*Last year's awardee Patrick Stefan was appointed as Musician-in-Residence at St. John's Theatre and Arts Centre. Patrick will perform a special concert featuring the world premiere of a new Irish language commission at the Ionad Cultúrtha to mark National Heritage Week on 22nd August.*

*Full details of the residency, application guidelines and a link to the online form will be available from Thursday 24th July at* ***www.musicnetwork.ie*** *or by emailing* ***programmesadmin@musicnetwork.ie*** *for more information. Applications for the 2025 residency will be accepted from 9am on Thursday 24th July until 2pm on Monday 1st September. Applications can be made by email or via an online application form.*



# Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta

**Patrick Stefan**

**Aoine 22.08.25 | 8in | €15/€10**

Chun Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta a cheiliúradh, tá áthas ar Music Network ceolchoirm an-speisialta a chur i láthair san Ionad Cultúrtha leis an gceoltóir agus cumadóir clúiteach Patrick Stefan.

Beidh Patrick Stefan (giotár/guth) i gcuideachta Jayne Pomplas (fidil) agus Jason McNamara (cnaguirlisí) don léiriú uathúil seo, ina mbeidh ceol a chum Patrick Stefan le linn a chónaitheachta in 2024, lena n-áirítear socruithe téacsanna le John B. Keane agus Barbara Derbyshire. Ina theannta sin, beidh léiriú domhanda de choimisiún nua ó Music Network ann - amhrán Gaeilge, spreagtha ag Baile Mhúirne agus oidhreacht chultúrtha saibhir an cheantair.

Ceaptha ina Cheoltóir Cónaithe 2024 ag Music Network in Amharclann agus Ionad Ealaíon Naomh Eoin, Lios Tuathail bhí Patrick ar an gcéad duine a ghlac faoi chlár cónaithe dírithe go speisialta ar cheoltóir gairmiúil le hUathachas. Seolfaidh Music Network, i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Cultúrtha, an dara heagrán den scéim chónaitheach tábhachtach seo, a bheidh ar siúl i mBaile Mhúirne i mí Dheireadh Fómhair agus mhí na Samhna.

Bígí linn le haghaidh oíche cheoil a cheiliúrann oidhreacht chultúrtha, nuálaíocht cheoil, agus an Gaeilge i gcroílár na Gaeltachta.

Tá an ócáid seo maoinithe ag an gComhairle Oidhreachta le tacaíocht bhreise ón Ionad Cultúrtha.

Cistithe ag An Chomhairle Oidhreachta The Heritage Council

# National Heritage Week

**Patrick Stefan**

**Friday 22.08.25 | 8pm | €15/€10**

To mark National Heritage Week, Music Network is delighted to present a very special concert by acclaimed musician and composer Patrick Stefan at the Ionad Cultúrtha, Baile Mhúirne.

Patrick Stefan (guitar/vocals) will be joined by Jayne Pomplas (fiddle) and Jason McNamara (percussion) for this unique performance, which will feature music composed by Patrick Stefan during his 2024 residency including settings of texts by John B. Keane and Barbara Derbyshire. In addition, there will be a world premiere of a new Music Network commission—an Irish language song, inspired by Baile Mhúirne and its rich cultural heritage.

Appointed Musician-in-Residence in 2024 by Music Network and St. John's Theatre and Arts Centre, Listowel, Patrick was the first artist to take part in a residency specifically designed for a professional musician who is Autistic/has Autism. In 2025, Music Network, in partnership with Ionad Cultúrtha, will launch the second edition of this important residency, which will take place in Baile Mhúirne during October and November.

Join us for an evening of music that celebrates cultural heritage, musical innovation, and the Irish language in the heart of the Gaeltacht.

This event is funded by The Heritage Council with additional support from the Ionad Cultúrtha.



# Macallaí

**Satharn 06.09.25 | 7:00in | Saor**

Is péintéir comhaimseartha fíorach agus tírdhreacha ó Bhaile Mhúirne í **Eithne O'Riordan,** atá lonnaithe anois ar Leithinis an Daingin.

Faigheann a cuid saothar inspioráid ó na tírdhreacha a mhúnlaigh í – an fharraige áit ina bhfuil cónaí anois uirthi, agus na crainn agus sléibhte mórthimpeall ar Bhaile Mhúirne. Tá sí meallta isteach ag nithe nádúrtha ar nós fréamhacha, carraigeacha, agus an tslí ina fhágann an t-am a chuid rianta trí sraitheanna agus marcanna. Is minic go sníonn na gnéithe seo isteach ina cuid ealaíne, ní hamháin sna híomhánna ach sna dromchlaí féin chomh maith.

Forbraíonn sí uigeachtaí trí sraitheanna péint, uaireanta ag scríobadh siar nó ag athdhéanamh áiteanna ionas go bhfanann stair an tsaothair infheicthe. Próiseas fionnachtana agus claochlaithe atá ann, áit ina fhreagraíonn gach marc don cheann a thagann roimh ré. Is minic go n-oibríonn Eithne ar bhonn iomasach, ag tosnú amach le smaoineamh garbh agus ag tabhairt deis don ealaín éabhlóidiú go horgánach.


Mar bhunús leis an rud ar fad tá braistint áite –iarbhír nó cuimhní – agus spéis ar leith sa tslí ina bhfuil cuimhne, mothúchán, agus an domhan nádúrtha fite fuaite go dlúth ina chéile. Ag iarraidh i gcónaí rud éigin a ghabháil díreach faoi bhun an dromchla – mothú, teannas, nó blúire draíochta sa saol laethúil.

www.eithneoriordanart.com

**Ina dhiaidh sin beidh cheolchoirm**
**@8in le Caoimhín Ó Raghallaigh - Ticéidí €15/20**







# Echoes

**Saturday 06.09.25 | 7:00pm | Free**

***Eithne O'Riordan*** *is a contemporary figurative and landscape painter from Baile Mhúirne, now based on the Dingle Peninsula.*

*Her work is inspired by the landscapes that have shaped her — the sea where she lives now, and the trees and mountains of Baile Mhúirne. She's drawn to natural forms like roots, rocks, and the way time leaves its traces through layers and marks. These elements often find their way into the paintings, not just in imagery but in the very surfaces themselves.*

*She builds up textures through layered paint, sometimes scraping back or reworking areas so the history of the piece stays visible. It's a process of both discovery and transformation, where each mark responds to the last. Eithne often works intuitively, beginning with a loose idea and allowing the painting to evolve organically.*

*Underlying it all is a sense of place — real or remembered — and an interest in how memory, emotion, and the natural world intertwine. Always looking to capture something just beneath the surface — a feeling, a tension, or a trace of magic in the everyday.*

*www.eithneoriordanart.com*

***Followed by a concert @8pm***
***Caoimhín Ó Raghallaigh - Tickets €15/20***



# Caoimhín Ó Raghallaigh

**Satharn 06.09.25 | 8:00in | €15/20**

Seinneann Caoimhín Ó Raghallaigh a chuid ceoil ar fhidil 10-sreang ar a dtugtar an hardanger d'amore.

Tá sé tar éis seinnt ar chuid de na stáitsí is áille ar domhan, lena n-áirítear an Sydney Opera House, an Royal Albert Hall agus Carnegie Hall.

Tá ocht dtaifead déag déanta aige go dtí seo, le réimse thar a bheith leathan stíleanna ón stíl rí-thraidisiúnta go stíl neamhghnách go maith, agus leanann sé air ag féachaint go domhain ar an réigiún ina dtosnaíonn an ceol traidisiúnta ag meathlú.

Seinneann Caoimhín mar cheoltóir aonair, cé go bhfuil aithne go forleathan air dá chuid saothar comhoibritheach, le grúpaí ar nós The Gloaming agus This is How we Fly, agus díséid le ceoltóirí iomráiteacha ar nós Dan Trueman, Thomas Bartlett, Garth Knox, Mick O'Brien agus Brendan Begley. Tá sé tar éis seinnt chomh maith lena leithéidí Laurie Anderson, Vincent Moon agus Amiina.

Tá ceol cumtha aige don stáitse agus do scannáin, ina measc ceol don scannán Brooklyn a ainmníodh le haghaidh Oscar agus Return to Montauk de chuid Volker Schlondorff.

***'the most imaginative and fascinating musician in all of trad'*** - Earle Hitchner, Irish Echo, Stáit Aontaithe Mheiriceá

***'the missing link between Martin Hayes and Purple Haze'*** - Nick Kelly, Irish Independent,

***'Ireland the most singular traditional Irish musician of [his] generation'*** - State Magazine, Éire



# Caoimhín Ó Raghallaigh

**Saturday 06.09.25 | 8:00pm | €15/20**

*Caoimhín Ó Raghallaigh makes music on a 10-string fiddle called the hardanger d'amore.*

*He has performed on some of the most beautiful stages in the world, including the Sydney Opera House, the Royal Albert Hall and Carnegie Hall.*

*He has made eighteen recordings to date, ranging from quite traditional to fairly out there, and continues to explore the region where traditional music begins to disintegrate.*

*Caoimhín performs as a solo artist, yet is also widely known through his collaborative work, including groups The Gloaming and This is How we Fly, and duos with Dan Trueman, Thomas Bartlett, Garth Knox, Mick O'Brien and Brendan Begley. He has also performed with artists such as Laurie Anderson, Vincent Moon and Amiina.*

*He has made music for theatre and film, including music for the Oscar-nominated movie Brooklyn and Volker Schlondorff's Return to Montauk.*

**'the most imaginative and fascinating musician in all of trad'** *- Earle Hitchner, Irish Echo, USA*

**'the missing link between Martin Hayes and Purple Haze'** - *Nick Kelly, Irish Independent,*

**'Ireland the most singular traditional Irish musician of [his] generation'** - *State Magazine, Ireland*



# OÍCHE CHULTÚIR

**Gile na Gile - Ceol agus Aistir Aodhagáin Uí Rathaille**
**Aoine 19.9.25 | 8:00in | €15/20**

Cumtha agus curtha i láthair **ag Lorcán Mac Mathúna** (guth), **Martin Tourish** (cairdín), agus **Éamonn Galldubh** (feadóg agus píob).

Thit an domhain Gaelach as a chéile le linn saol Aodhagáin Uí Rathaille, agus bhí sé ar cheann de na príomh-thráchtairí ar an gcasadh cinniúnach seo i stair agus litríocht na hÉireann. Rugadh é le linn ré na mBard-Scoileanna agus fuair sé bás i mbochtanas le linn aimsir na bpéindlithe agus na gcúirteanna filíochta. Bhí sé ar dhuine den dream a bhrúigh ar aghaidh leis an ngluaiseacht nua sa litríocht as a tháinig an Aisling, ceol an dóchais in aimsir an éadóchais.

Filíocht domhain, dána agus fíochmhar a scríobh an Rathailleach. Bhí a chuid filíochta ar fhinné cáinteach ag am tromchúiseach agus brúidiúil, scríofa le tuiscint agus le súil i gcónaí ar áilleacht na bhfocal. Scríobh sé go liriciúil, le rithim cheolmhar agus truamhéala uamach. An file ba chumasaí i ré nua na Gaeilge b'fhéidir. File nach bhfuil sáraithe go dtí seo. Lena chuid scríbhinní uathúla i stíl nua-éabhlóide na filíochta Gaeilge, cinnte is féidir a rá gur é Ó Rathaille athair na litríochta nua-Ghaeilge.

"Breathuighim cuisle cheartchumasach Aodhagáin ghrinn"





# CULTURE NIGHT

**Gile na Gile / Brightness of Brightness - The Music and Journeys of Aodhagáin Ó Rathaille**

**Friday 19.9.25 | 8:00pm | €15/20**

*Composed and presented by **Lorcán Mac Mathúna** (voice), **Martin Tourish** (accordion), and **Éamonn Galldubh** (pipes and flute).*

*The Gaelic world fell apart during the life of Aodhagáin Ó Rathaille, and he was one of the leading chroniclers of this traumatic turn in Irish history and literature. He was born during the era of the Bardic School but died in poverty during penal times and the times of the subverted Bardic Court. He was one of the chief generators of the new movement in literature which produced the Aisling; the music of hope during a hopeless first.*

*The Raitheallach wrote deep, bold and fierce poetry. His poetry was a savage witness to a brutal and tragic time, written with clarity and always an eye for beauty in words. He wrote lyrically, with musical rhythm and alliterative pathos. The most capable poet of a new era of Irish. A poet who has not yet been surpassed. With his sui generis writings in the newly evolving style of Irish poetry, it can be said that O Rathaille is the father of modern Irish literature.*






# Immram le Neil Ó Lochlainn

**Satharn 4.10.25 | 8:00in | €15/20**

**Eithne Ní Chatháin - guth**
**Erin Hennessey - fidil**
**Eilís Lavelle - cruit**
**Neil Ó Lochlainn – olldord, fliúit, ceol**
**Nuala Ní Dhomhnaill - téacs**

Is sraith dánta le Nuala Ní Dhomhnaill í Immram a foilsíodh den chéad uair ina bailiúchán Feis (1991). Sa bhliain 2019, dhein Paddy Bushe agus Féile Filíochta Ghrianstad Amergin coimisiúnú ar Neil Ó Lochlainn chun na dánta a chur i gceol, agus cuireadh an tsraith ceoil a d'eascair as an obair sin i láthair den chéad uair ag an bhféile i mBaile Uí Dhálaigh sa bhliain 2021.

Meascann an ceol tionchair ó cheol traidisiúnta na hÉireann agus traidisiún amhránaíochta an tsean-nóis, ceol snagcheoil/ceol saor-chumtha agus ceol clasaiceach comhaimseartha chun stíl nuálach iarchineálach de cheol seomra comhaimseartha Éireannach a chruthú. Tá na ceoltóirí seo ar chuid de na ceoltóirí óga is mó meas in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Ciallaíonn Immram "Turas" agus is cineál scéil é a fhaightear go coitianta i scríbhneoireacht mhiotaseolaíoch na hÉireann, ag cur síos ar thuras an phríomhcharachtair ar muir go dtí an saol eile agus na heachtraí a tharlaíonn lena linn.

"Tá nádúr agus tuiscint ag Neil Ó Lochlainn do shnáitheanna éagsúla ceoil a ligeann dó domhain cheoil dhúthrachtacha a chruthú a labhraíonn le fíor-dhoimhneacht agus barántúlacht." — Martin Hayes

"Ceannródaí iarchineálach"
— *The Irish Times* faoi Neil Ó Lochlainn

"Ceann de na healaíontóirí is spreagúla in Éirinn"
— *The Irish Times* faoi Eithne Ní Chatháin (Inni-K)









# Neil Ó Lochlainn's Immram

**Saturday 4.10.25 | 8:00pm | €15/20**

**Eithne Ní Chatháin - voice**
**Erin Hennessey - fiddle**
**Eilís Lavelle - harp**
**Neil Ó Lochlainn - double bass, flute, music**
**Nuala Ní Dhomhnaill - text**

*Immram is a suite of poems by Nuala Ní Dhomhnaill first published in her collection 'Feis' (1991). In 2019 Neil Ó Lochlainn was commissioned by Paddy Bushe and the Amergin Solstice Poetry Gathering to set the poems to music and the resulting suite of music was premiered at the festival in Waterville in 2021.*

*The music combines influences from Irish traditional music and the sean-nós singing tradition, jazz/impro-vised music and contemporary classical music to create an innovative post-genre style of contemporary Irish chamber music. The musicians are some of the most highly regarded young musicians in Ireland today.*

*'Immram' roughly translates as 'Voyage' and is a type of story found commonly in mythological Irish writing describing a protagonists journey by sea to the otherworld and the adventures that ensue during their voy-age.*

*"Neil Ó Lochlainn has an instinct and a feel for different strands of music that allow him to create uncompro-mised musical worlds that speak with real depth and authenticity" Martin Hayes*

*"a post-genre trailblazer" The Irish Times on Neil Ó Lochlainn*

*"One of Ireland's most exciting artists" The Irish Times on Eithne Ni Chatháin (Inni-K)*



# Teresa Horgan & Donogh Hennessy

**Satharn 18.10.25 | 8:00in | €15/20**

D'fhás an t-amhránaí **Teresa Horgan,** ó Chontae Chorcaí, aníos i gclann ceolmhar, ag seinnt na feadóige agus fliúite, agus ag canadh ó aois óg.

Le déanaí tá dlúthdhiosca aonair scaoilte aici dar teideal "Amethyst", ar a bhfuil iliomad ceoltóirí iomráiteacha, lena n-áirítear Donogh Hennessy, Pauline Scanlon, Niamh Varian-Barry, Martin Brunsden, agus a thuilleadh eile nach iad

Tá seal caite ag Teresa ar chamchuairt agus ag taifeadadh leis an ngrúpa traidisiúnta buaite gradam "FullSet" agus thaifead sí dhá dhlúthdhiosca ard-mholta le linn a cuid ama leo. Sheol sí dlúthdhiosca díséid chomh maith leis an ngiotáraí Matt Griffin sa bhliain 2015, dar teideal "Brightest Sky Blue". I léirmheas le Tony Lawless (TradConnect), dhein sé cur síos ar ghuth Teresa mar ghuth le díreach go leor tuirse domhanda ann chun amhráin a léirmhíniú agus a iompú isteach i nithe dá cuid féinig".

Le deich mbliana anuas, tá Teresa tar éis camchuairt go fairsing leis an ngrúpa buaite gradam Pain-Cheilteach "The Outside Track", agus le linn a cuid taistil ar fud an domhain tá an stáitse roinnte aici le scoth na gceoltóirí traidisiúnta agus ceol tíre in Éirinn, Alba agus Ceanada.

Giotáraí, léiritheoir ceoil agus innealtóir stiúideo thar a bheith cumasach é **Donogh Hennessy** le gairm bheatha fairsing thar tréimhse 35 bliain. Tá a phríomhbhéim leagtha aige ar cheol traidisiúnta agus ar cheol tíre na hÉireann.

Seans gur fearr aithne atá air dá chuid oibre le ceoltóirí ar nós Lumiere, Sharon Shannon, Seamus Begley, Pauline Scanlon agus an sárghrúpa Éireannach Lúnasa, a chomhbhunaigh sé sa bhliain 1996.

I dteannta lena chuid ama beo ar stáitse mar ghiotáraí, is innealtóir taifeadta é Donogh chomh maith agus tá obair déanta aige ar na céadta dlúthdhioscaí i gcaitheamh na mblianta, lena n-áirítear roinnt mhaith dlúthdhioscaí buaite gradam. Tá a stiúideo, ar a dtugtar Studio Mhic An Daill, lonnaithe sa Daingean, Co Chiarraí.



# Teresa Horgan & Donogh Hennessy

**Saturday 18.10.25 | 8:00pm | €15/20**

*Singer **Teresa Horgan**, from County Cork, grew up in a musical family, playing whistle, flute and singing from a young age.*

*She has recently released a new solo album called, "Amethyst", which features many esteemed artists, including Donogh Hennessy, Pauline Scanlon, Niamh Varian-Barry, Martin Brunsden, and many more.*

*Teresa has toured and recorded with award-winning Irish trad group "FullSet" and recorded two critically acclaimed albums during her time with them. She also released a duo album with guitarist Matt Griffin in 2015, called "Brightest Sky Blue". In a review by Tony Lawless (TradConnect), he described Teresa's voice as having "just enough world weariness in her vocals to interpret…songs and make them her own".*

*For over ten years, Teresa has toured extensively with award-winning Pan-Celtic group "The Outside Track", and has shared the stage with some of the best in Irish, Scottish and Canadian trad and folk music during her worldwide travels.*

***Donogh Hennessy** is an accomplished guitarist, music producer and studio engineer with an extensive career spanning over 35 years. His primary focus has been on Irish traditional and folk music.*

*He is probably best known for his work with artists such as Lumiere, Sharon Shannon, Seamus Begley, Pauline Scanlon and the Irish supergroup Lunasa, whom he co-founded in 1996.*

*In addition to his live performances as a guitarist, Donogh is also a recording engineer and has worked on hundreds of albums over the years including several awardwinning albums. His studio, called Studio Mhic An Daill, is located in Dingle, Co Kerry.*

## Meán Fómhair | September

| L | M | C | D | A | S | D |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 Ranganna 'Ceolaosaigh' ag tosnú | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 Taispeantais Eithne Ní Riordáin Ceolchoirm Caoimhín O Raghallaigh | 7 |
| 8 **Ceoil** | 9 **Ceoil Dramaíocht** | 10 **Ceoil Aisling Gheal** | 11 **Ceoil** | 12 | 13 | 14 |
| 15 **Ceoil** | 16 **Ceoil Dramaíocht** | 17 **Ceoil Aisling Gheal** | 18 Rap ag tosnú (saor/free) **Ceoil** | 19 Oiche Cultúr / Culture Night Lorcán MacMathúna | 20 | 21 Ensemble Mhúscraí (saor/free) |
| 22 **Ceoil Fuáil** | 23 **Ceoil Dramaíocht Luibheanna Tacaois** | 24 **Ceoil Tacaois Aisling Gheal** | 25 Ceardlann Ceolaosaigh **Ceoil Tacaois** | 26 Ceardlann Ceolaosaigh | 27 Scannán/ Taispeantais Aisling Gheal | 28 |
| 29 **Ceoil Fuáil** | 30 **Ceoil Dramaíocht Luibheanna Tacaois** | | | | | |

## Deireadh Fómhair | October

| L | M | C | D | A | S | D |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 1 **Ceoil Tacaois Aisling Gheal** | 2 **Ceoil Tacaois** | 3 | 4 IMMRAM | 5 |
| 6 **Ceoil Fuáil** | 7 **Ceoil Dramaíocht Luibheanna Tacaois** | 8 **Ceoil Tacaois Aisling Gheal** | 9 **Ceoil Tacaois** | 10 Artist in Residence Fionnuala Moynihan | 11 Artist in Residence Fionnuala Moynihan | 12 Artist in Residence Fionnuala Moynihan |
| 13 **Ceoil Fuáil** | 14 **Ceoil Dramaíocht Luibheanna Tacaois** | 15 **Ceoil Tacaois Aisling Gheal** | 16 **Ceoil Tacaois** | 17 | 18 Teresa Horgan & Donogh Hennessy | 19 Ensemble Mhúscraí (saor/free) |
| 20 **Ceoil Fuáil** | 21 **Ceoil Dramaíocht Luibheanna Tacaois** | 22 Dramaíocht Bunscoile **Ceoil, Tacaois, Aisling Gheal** | 23 **Ceoil Tacaois** | 24 | 25 | 26 |
| 27 **Ceoil Fuáil** | 28 **Ceoil Dramaíocht Luibheanna Tacaois** | 29 **Ceoil Tacaois Aisling Gheal** | 30 **Ceoil Tacaois** | 31 An tOireachtais (Béal Feiriste) | | |

## Samhain | November

| L | M | C | D | A | S | D |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | 1 An tOireachtais (Béal Feiriste) | 2 An tOireachtais (Béal Feiriste) |
| 3 **Ceoil Fuáil** | 4 **Ceoil Dramaíocht Luibheanna Tacaois** | 5 **Ceoil Tacaois Aisling Gheal** | 6 **Ceoil Tacaois** | 7 | 8 Conor Moriarty, Roisin Ní Mheacair & Conal O'Kane | 9 Ensemble Mhúscraí (saor/free) |
| 10 **Ceoil Fuáil** | 11 **Ceoil Dramaíocht Luibheanna Tacaois** | 12 **Ceoil Tacaois Aisling Gheal** | 13 **Ceoil Tacaois** | 14 | 15 Taispeantais 'The Gearagh' Fionnuala Moynihan | 16 |
| 17 **Ceoil Fuáil** | 18 **Ceoil Dramaíocht Luibheanna Tacaois** | 19 **Ceoil Tacaois Aisling Gheal** | 20 **Ceoil Tacaois** | 21 | 22 | 23 Ensemble Mhúscraí (saor/free) |
| 24 **Ceoil Fuáil** | 25 **Ceoil Dramaíocht Luibheanna Tacaois** | 26 **Ceoil Tacaois Aisling Gheal** | 27 **Ceoil Tacaois** | 28 igse Diarmuidín Uí Shuilleabháin | 29 Éigse Diarmuidín Uí Shuilleabháin | 30 Éigse Diarmuidín Uí Shuilleabháin |

## Nollaig | December

| L | M | C | D | A | S | D |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 **Ceoil** | 2 **Ceoil Dramaíocht Luibheanna Tacaois** | 3 **Ceoil Tacaois Aisling Gheal** | 4 **Ceoil Tacaois** | 5 | 6 | 7 Ceardlann Ensemble Mhúscraí (saor/free) |
| 8 **Ceoil** | 9 **Ceoil Dramaíocht Luibheanna Tacaois** | 10 **Ceoil Tacaois Aisling Gheal** | 11 **Ceoil Tacaois** | 12 | 13 Diarmuid O Meachair | 14 Lee Valley School of Music |
| 15 | 16 | 17 | 18 Daltaí Ceoil Henry Cronin | 19 Jackie Daly, Matt Cranitch & Paul De Grae | 20 Piano Recital | 21 |
| 22 | 23 | 24 | 25 | 26 | 27 | 28 |
| 29 | 30 | 31 | | | | |



## Conor Moriarty, Deirdre Ní Mheachair & Caoimhín Ó Fearghail

**Satharn 8.11.25 | 8:00in | €15/20**

Tá **Conor Moriarty** ar dhuine de bhoscadóirí ceannródaíocha na hÉireann. Sa bhliain 2009, bhain Conor amach Craobh Uile-Éireann an Mhileoidin ag Fleadh Cheoil na hÉireann agus lean sé ar aghaidh as sin le bua i gCraobh Sinsir Uile-Éireann an Bhosca Ceoil sa bhliain 2010. Tá sé mar bhall den ghrúpa “The Trí Tones” a thaisteal ar fud na hÉireann agus na hEorpa, agus a scaoil dlúthdhiosca ardmholta a bhain amach teideal “Dlúthdhiosca na Bliana” de chuid Trad Connects. Tá sé tar éis camchuairt ar fud na hEorpa, Ceanada agus Meiriceá Theas leis an seó rince agus ceoil Ghaelaigh Celtic Legends. Sa bhliain 2022 ghlac sé le post mar Stiúrthóir Ceoil le Gaelic Roots, ceann de sheónna is mó tóir na hÉireann. Scaoil sé a dhara dlúthdhiosca aonair “The First Month of Summer” sa bhliain 2024.

Tagann **Caoimhín Ó Fearghail** ó cheantar na Rinne i nGaeltacht Phort Láirge. Thosnaigh sé ag foghlaim na feadóige stáin ag aois ocht mbliana, ag freastal ar ranganna le Bobby Gardiner. Níorbh fhada gur bhog sé ón bhfeadóg go dtí na píopaí uileann agus é féin-mhúinte ar an bhfliúit agus ar an ngiotár chomh maith. I measc cuid de na tionchair píobaireachta is láidre ar a chuid ceoil bheadh ceoltóirí ársa ar nós Séamus Ennis, Willie Clancy, Leo Rowsome, Tommy Reck agus Patsy Touhey. Sa bhliain 2013, thaifead sé dlúthdhiosca dar teideal *‘Lá ag Ól Uisce’* lena dheartháir Seán agus Tomás Ó Gealbháin. Bhuaigh Caoimhín Gradam Ceoil TG4 Ceoltóir Óg na Bliana sa bhliain 2012.

Is ó Thuaisceart Bhaile Átha Cliath ó dhúchas í **Déirdre Ní Mheachair** ach tá cónaí anois uirthi in Iarthar Chorcaí. Ag seinnt go fairsing in Éirinn agus níos faide ó bhaile, tá Déirdre tar éis aghaidh a thabhairt ar stáitsí ó cheann ceann an domhain le seónna ar nós Rhythm of the Dance, Danceperados of Ireland agus a thuilleadh eile nach iad. Tá sí mar chuid d’fhoireann an seó cónaitheach Gaelic Roots i gCill Airne. Is cumadóir cumasach í Déirdre chomh maith, le roinnt dá cuid saothar ceoil taifeadta agus curtha i láthair ag ceoltóirí agus bannaí ceoil iomráiteacha. Tá sí tar éis seinnt ar go leor dlúthdhioscaí éagsúla, ina measc Drops of Green, Danceperados agus “The First Month of Summer” le Conor Moriarty.





## Conor Moriarty, Deirdre Ní Mheachair & Caoimhín Ó Fearghail

**Saturday 8.11.25 | 8:00pm | €15/20**

